

# An Bradán Feasa

## Scoil Shinsearach Ráth Tó 2008

*Ceol brónach – Inis Oirr*

*Finnéagas ag iascaireacht.*

*Fionn agus a chairde ag foghlam filíochta*

Finnéagas: Och! Is seahfhear anois mé agus chaith mé seacht m'bliana anseo ar bhruach na Bóinne ag iarraigh breith ar an mbradán feasa. Ní dóigh liom go mbéarfaidh mé air go deo. Ochón! Ochón!

*Damhsa – Mím na habhann*

Finnéagas: A Fhinn an bhfuil an leabhar filíochta sin ar eolas agat fós?

Fionn: Tá sé beagnach foghlamtha agam a Fhinnéagas. Cuir ceist orm faoi ceann amhain.

Finnéagas: Ceart go leor! *Abair... Picnic ar a trí (nó dán eile)*

Fionn: *Deireann sé dán*

Finnéagas: Maith thú a Fhinn. Beidh tú id' cheannaire iontach lá éigin...(é ag *smaoineamh*)

Anois caithfidh mé díriú ar an mbradán cliste seo agus bob a bhuaileadh air más feidir liom.

*Ceol – Polkas.*

*Finnéagas agus a chairde ag damhsa timpeall 's ag iascaireacht.*

*Go tobann braitheann Finnéagas rud éigin ag tochailt ar an líne. Beireann sé ar an mbradán*

Finnéagas: Ó féach, féach. Tá sé agam! Tá an tadh liom inniu. Tá an Bradán Feasa *(ar bís)* beirthe agam ar deireadh.

Gach Duine: Ar Fheabhas

Cairde: Maith thú, ard fhear, go dial ar fad...

*Ceol meidhreach agus damhsa aerach.*

*Reitíonn na fir tine chun an bradán a róstadh.*

Finnéagas: Cogar i leith chugham a Fhinn. Táim ag dul ag bailiú cipíní sa choill. Coiméad súil ar an mbradán ach ar t-anam! **NÁ BLASAIGH É!**

Fionn: Ná bí buartha, a Fhinnéagas. Geallainse duit nach mblasfaidh mé é. Go dté tú slán.

*Imíonn. Finnéagas agus a chairde isteach sa choill.*

*Fanann Fionn ag faire ar an mbradán. Agus é ag féachaint isteach sa tire tosaíonn sé ag smaoineamh.*

*Sadhbh – Amhrán "Mo Ghile Mear"*

*"Rap na gcrann"*

Fios feasa, fios feasa, fios feasa, fios feas

Ó Fionn MacCumhal, cad é do rogha?

Is agatsa anois atá an togha,  
An tiasc a ithe `s an duais a bhua  
Nó é a ligint ann – och! Ba mhór an trua.  
Bheadh bua na cainte agat go deo  
i ndán gach rud a rá, linn, libh `s leo.  
Clú agus cáil ort, anseo is í gcéin,  
Blais é, blais é, blais é tú féin!

Fios feasa, fios feasa, fios feasa, fios

Fionn:                   Bua na cainte, eolas ar gach rud, clú agus cáil...  
(*ag smaoineamh*)

*Teann sé i dtreó an mbradán chun é a bhlaiseadh ach stopann sé.*

Fionn:                   Ó, Ó ... ní doigh liom é.  
                              Ó Féach ar an spuaic mór! Brúfaidh mé síos é...ó...ó...ó m'órdóg. M'órdóg,  
                              tá sé doite, doite.

*Cuireann Fionn a ordóg ina bhéal agus tagann Finnéagas ar ais ag an noiméad céanna.  
Go tobann – ceol agus damhsa láidir (sort 'stand off')*

Finnéagas:           Cad `tá déanta agat in ainm Chroim? Ná dúirt mé leat gan an bradán a  
(*ar buile*)               bhlaiseadh? Is olc an scéal é! Is agatsa anois a bheidh an teolas ar fad.  
                              Tusa a bheidh i ndán féachaint sa tochcaí agus a insint cad tá le tarlú!  
                              Mo bhrón! Mo bhrón!

Fionn:                   Tá brón orm a Fhinnéagas. Ní raibh sé i gceist agam an t-iasc a  
                              bhlaiseadh ach dhóigh mé m'órdóg agus chuir mé im' bhéal é gan  
                              smaoineamh. Tá fhios agam go bhfuil brón agus briseadh croí ort ach  
                              cairde is ea sinn.

Finnéagas:           Tar liom go Sliabh Luachra agus bí mar chara liom i measc na Fianna.  
                              Ceart go leor. Rachaidh mé leat mar sin. Ar aghaidh linn go léir. "Go  
                              Sliabh Luachra, Go Sliabh Luachra"

*Gach duine ag canadh "Bradán Feasa" –*

Fionn ag fanacht,  
Fionn ag faire ina shuí ar bhruach na habhann.  
Ghob sé a ordóg `s lig sé scread `s dith sé píosa Bradán Feasa

Curfá:  
                              Bradán, Bradán, eolas agus gean  
                              `Chowder' go `Chowder'  
                              Finnéagas agus Fionn

Soir go siar `s bun go barr  
Taobh go taobh ar fud na h-Eireann  
I ngach aon chontae nó fiú thar lear  
`sé Fionn Mac Cumhall an té is fearr

*Deireadh*